

## 17 Dul Chun Cinn na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Dul i nGleic leis an Smugláil Tobac

**17.1** Thug dleachtanna máil ar tháirgí tobac isteach ar an meán €1.1 billiún in aghaidh na bliana don Stáitchiste idir 2010 agus 2017.

**17.2** Tá Éire ar cheann de na stáit leis na praghsanna toitíní is airde san Eoraip agus na rátaí is airde de cháin ar thobac (féach Fíor 17.1). De thoradh air sin, is baol suntasach d'fháltais ó cháin é smugláil táirgí tobac lena n-athdhíol in Éirinn.

**Fíor 17.1** Praghsanna toitíní ar fud na hEorpa<sup>a, b</sup>



Foinse: Japan Tobacco International. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Praghas miondíola (préimh) ar 20 toitín réamhdhéanta in euro amhail ag ráithe 4, 2017.

b Is é €3.10 an praghas miondíola sna hOileáin Chanáracha.

**17.3** Rinneadh scrúdú in 2009 ar rialuithe a bhfuil sé mar aidhm leo gníomhú in aghaidh smugláil táirgí tobac agus dúradh má táthar chun dul i ngleic le smugláil tobac caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim

- méid na ndíolacháin aindleathach tobac a mheas
- díriú ar ghníomhaíochtaí laistigh de straitéis allta bunaithe ar an anailís is fearr ar nádúr na calaoise.
- freagairt oibríochtúil a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar straitéis den saghas sin
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.<sup>1</sup>

Athbhreithnítear sa scrúdú dul chun cinn na gCoimisinéirí Ioncaim sna ceithre réimse seo.

### Fairsinge na gníomhaíochta aindleathaí a mheas

**17.4** Measadh tomhaltas iomlán toitíní in Éirinn in 2017 ag thart ar 4.3 billiún toitín.<sup>2</sup> Toisc nádúr mhargadh aindleathach na dtáirgí tobac gabhann dúshláin leis na caillteanais chánach a éiríonn as a thomhas. Tagraítear de ghnáth don tomhas a dhéantar ar chaillteanais dá leithéid mar an bhearna cánach tobac. Tá cúig mhodh chun teacht timpeall cánacha tobac a thomhas foilsithe ag an mBanc Domhanda.<sup>3</sup> Is iad

- na táirgeoirí a bhreathnú agus sonraí smuglála a iarraidh ar na saineolaithe
- caiteoirí tobac a bhreathnú agus iad a cheistiú maidir lena modhanna chun tobac a fháil
- monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar na sonraí ar easpórtáil agus iompórtáil tobac
- comparáid a dhéanamh idir díolachán tobac agus tomhaltas réamh-mheasta le suirbhéanna teaghlaigh a úsáid
- comparáid a dhéanamh idir díolachán tobac agus tomhaltas réamh-mheasta le foirmle matamaitice agus infheirceas eacnamaíochta.

**17.5** Luann an Banc Domhanda gur fearr, agus an t-am agus na hacmhainní ar fáil, roinnt modhanna éagsúla chun réamh-mheastacháin a thras-bhailíochtú. Baineann an t-aon mhodh a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim go bliantúil leis an dara modh i.e. *caiteoirí tobac a bhreathnú agus iad a cheistiú maidir lena modhanna chun tobac a fháil*. Ar an mbonn seo, measann siad go raibh 13% de na toitíní a caitheadh in Éirinn in 2017 neamhdhleathach. Is é €229 an caillteanas gaolmhar ioncaim náisiúnta. Luann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an caillteanas náisiúnta seo bunaithe ar an tuiscint go ruaigfeadh caitheamh na dtoitíní neamhdhleathacha an méid comhionann de thoitíní ar íocadh an cháin iomlán orthu, rud nach dócha. Fós tugann an caillteanas náisiúnta seo tagarmharc. Deir na Coimisinéirí Ioncaim go n-úsáideann siad gnéithe den chéad agus den chúigiú modh chun a dtuiscint ar an margadh aindleathach tobac a fheabhsú.

**17.6** I scrúdú 2009 moladh gur cheart do na Coimisinéirí Ioncaim leibhéal iompórtála neamhdhleathaí tobac a mheas agus na torthaí a thuairisciú ar bhealach oscailte trédhearcach. Moladh ann freisin gur cheart do na Coimisinéirí Ioncaim machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige meastacháin a fhorlíonadh agus gur cheart féachaint ar tháirgí aindleathacha tobac nach toitíní iad a réamh-mheas.

1 Caibidil 15, *Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2009*.

2 *Suirbhéanna taighde ar tháirgí tobac neamhdhleathacha 2017*, Ipsos MRBI (Aibreán 2018) - arna gcoimisiúnú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Oifig Náisiúnta um Rialú Tobac.

3 *Understand, measure and combat tobacco smuggling*, World Bank Economics of Tobacco toolkit (2001).

4 Foilsíonn HMRC, údarás cánach na RA, modheolaíocht bearna cánach tobac. Foilsíonn Oifig Cánachais na hAstráile modheolaíocht bearna cánach tobac freisin.

- 17.8** Coimisiúnaíonn na Coimisinéirí loncaim, i gcomhpháirt leis an Oifig Náisiúnta um Rialú Tobac, suirbhéanna a dhéanann réamh-mheastachán ar mhéid an mhargaidh aindleathaigh i dtáirgí tobac ag baint úsáid as anailís de chineál bearna chánach agus foilsíonn siad go bliantúil iad. Ó 2013, coimisiúnaíodh freisin suirbhé bliantúil ar thobac 'féin-rollta' neamhdhleathach. Ní fhoilsíonn na Coimisinéirí loncaim an mhodheolaíocht de cheachtar suirbhé, mar a dhéanann roinnt údaráis chánach eile.<sup>4</sup>
- 17.9** Ní tomhas díreach é cion an mhargaidh aindleathaigh de tháirgí tobac ar fheidhmíocht oibríochta na gCoimisinéirí loncaim, ach d'fhéadfadh sé freastal mar tháscaire fadtéarmach de thionchar ghníomhartha na gCoimisinéirí loncaim ar mhéid an mhargaidh aindleathaigh tobac in Éirinn. Is féidir le tosca amhail difreálaigh phraghsála thar theorainneacha náisiúnta, rátaí malairte agus coinníollacha eacnamaíochta tionchar a imirt ar leibhéal na smuglála tobac in aon bhliain ar leith ach d'fhéadfadh sé bheith deacair tionchar na dtosca sin ar an mbearna chánach a thomhas.

### ***Mar a dhéanann na Coimisinéirí loncaim an margadh aindleathach tobac a thomhas***

- 17.10** Coimisiúnaíonn na Coimisinéirí loncaim i gcomhpháirt le hOifig Náisiúnta um Rialú Tobac FSS cuideachta chun taighde margaidh neamhspleách a dhéanamh i measc caiteoirí tobac maidir le foinse a dtáirgí tobac d'fhonn méid agus forleithne toitíní nár íocadh dleacht dóibh a mheas chomh maith le forleithne an tobac 'féin-rollta' atá á chaitheamh in Éirinn. Ón suirbhé seo, tugtar meastachán ar an méid cánach a chailltear. Tá an suirbhé seo á dhéanamh ó 2009, ag baint úsáid as an modheolaíocht chéanna agus leis an gcuideachta chéanna.<sup>1</sup> Leis an suirbhé seo á athdhéanamh is féidir anailís agus comparáid fhadaimseartha thar na blianta a dhéanamh. Dá bharr seo, ní théann na Coimisinéirí loncaim i mbun próiseas tairisceana iomaíche don tseirbhís seo.<sup>2</sup>

- 17.11** Déantar sampláil ar dhá ghrúpa ar leith den daonra don suirbhé seo, an dá cheann acu os cionn 18 mbliana d'aois. Sa chéad ghrúpa níl ann ach caiteoirí tobac amháin agus úsáidtear é chun suirbhé a dhéanamh ar thoitíní neamhdhleathacha agus ar thobac 'féin-rollta' neamhdhleathach. Sa dara grúpa tá daonra na hEorpa Láir agus Thoir agus caiteoirí tobac agus daoine nach gcaitheann san áireamh. Roghnaítear samplaí ón dá ghrúpa agus cuirtear faoi agallamh iad aghaidh ar aghaidh in áit chónaithe an fhreagróra. Iarrtar ar fhreagróirí pacáiste folamh toitíní a thabhairt nó púitse tobac, a ndéanann na Coimisinéirí loncaim anailís orthu lena ndlíthiúlacht a chinneadh. Chomh maith le pacáistí neamhdhleathacha, aithnítear pacáistí dleathacha ar íocadh dleacht orthu ach nach ó Éirinn iad agus tugtar meastachán dá réir. Tugtar na meastacháin daonra le chéile le forleithne caite tobac agus rátaí caite tobac chun meastachán a thabhairt ar an méid toitíní a chaitear in Éirinn. Don taighde ar thoitíní neamhdhleathacha, déantar na sonraí ar chaiteoirí tobac in Éirinn a ualú do phróifíl a fhaightear ó thaighde Éire Shláintiúil. Do náisiúnaigh eile, déantar na sonraí a ualú do shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh. Don taighde ar thobac 'féin-rollta', déantar na sonraí a ualú do phróifíl a fhaightear ó thaighde Forleithne Caite Tobac na hOifige Náisiúnta um Rialú Tobac.

- 17.12** Chun críocha an scrúdaithe seo, fostaíodh sainchomhairleoir staitisticí chun athbhreithniú mion a dhéanamh ar mhodheolaíocht na suirbhéanna tobac a choimisiúnaigh na Coimisinéirí loncaim. Nótáladh roinnt feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an modheolaíocht.

1 Choimisiúnaigh na Coimisinéirí loncaim an chéad suirbhé ar thobac 'féin-rollta' in 2013 agus gach bliain ó shin.

2 Nochtann na Coimisinéirí loncaim an conradh seo ina dtuairisc ar Chiorclán 40/02 toisc gur bronnadh é gan próiseas iomaíoch agus go bhfuil sé os cionn an tairseach €25,000.

3 Déanann rianaire caite tobac ráithiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte suirbhé ar 4,000 caiteoir tobac agus fuarthas go mbíonn caiteoirí tobac go minic óg agus ar stádas íseal socheacnamaíoch.

- Oibríonn suirbhéanna randamacha go maith nuair a bhíonn an tréith atá le scrúdú forleathan i measc an daonra ar fad. Bíonn caiteoirí tobac níos óige agus ar stádas níos ísle socheacnamaíoch, agus ní léir mar sin an áirítear sa sampla conas mar atá daonra lucht caite tobac éagsúil ón daonra ginearálta.<sup>3</sup> Toisc na claontaí sin, d'fhéadfaí claonadh córasach a thabhairt isteach sna torthaí iomlána agus impleachtaí a bheith acu do na torthaí deiridh.
- Ba cheart féachaint ar úsáid níos mó a bhaint as critéir chódúcháin níos trédhearcaí chun táirgí a rangú mar chontrabhanna, góchumadh nó mar thobac a smugláladh (feic Fíor 17.2) agus i gcás pacáistí neamhdhleathacha, na cúiseanna gur tugadh an rangú sin dóibh a thaifeadh.

### Fíor 17.2 Catagóirí táirgí aindleathacha tobac i margadh dubh an AE

- **Contrabhanna** - fíor-tháirgí tobac a cheannaítear i dtíortha íseal-chánach, a sháraíonn teorainneacha iompórtála nó a cheannaítear lena n-easpórtáil ach a athdhíoltar i margaí ina bhfuil praghsanna níos airde.
- **Góchumadh** — táirgí tobac a dhéantar go neamhdhleathach, a dhéanann páirtí nach úinéir an bhranda é a bhrandaíl agus a dhíol go bréagach.
- **'Earraí bána saora'** — brandaí a cheannaítear lasmuigh den AE agus a thugtar isteach san AE lena ndíol. Ní dhíoltar cánacha agus custaim agus de ghnáth ní bhíonn aon líonra dailte dleathach do na brandaí seo.

- Ba cheart do na Coimisinéirí loncaim féachaint ar an méid samplála ar an suirbhé 'féin-rollta' a mhéadú. Do 2015 agus 2016, ba é an leibhéal tobac mhídhleathaigh a breathnaíodh ná 9%. Ar an mbonn seo, ag baint úsáid as idirthréimhse mhuiníne 95%, d'fhéadfadh úsáid tobac neamhdhleathaigh a bheith idir 5% agus 13% i.e. lamháil earráide beagnach 50% den mheastachán. Deir na Coimisinéirí loncaim go ndearna siad machnamh ar mhéid samplála an tsuirbhé seo a mhéadú agus tugtar aird air go bhfuil impleachtaí ann ó thaobh costais de.
- Nuair a dhéantar achoimre ar leibhéal iomlán an tobac aindleathaigh ag baint úsáid as figiúr singil is féidir míbhrí a bhaint as agus gabhann buntáiste le meastacháin ísle agus uachtaracha a úsáid, ag baint úsáid as idirthréimhse mhuiníne.

1 Airteagal 13 1 (c) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679).

2 Tuairiscíonn na suirbhéanna freisin ar an sciar margaidh a luaitear le táirgí neamhdhleathacha tobac gan dleacht a íoc in Éirinn i.e. ceannaigh thrasteorann.

3 Is tuairisc é Project Sun ó KPMG a choimisiúnaigh an Royal United Services Institute for Defence and Security Studies (RUSI) bunaithe ar shuirbhé pacáiste fholaimh. Bailíodh 20,000 paca folamh in Éirinn in 2016 i 22 baile agus cathair. Roimh 2016, choimisiúnaigh British American Tobacco plc, Imperial Tobacco Limited, JT International SA agus Philip Morris International Management SA, Project Sun.

**17.14** Ar an iomlán, luaigh an sainchomhairleoir go bhfuil fiúntas leis an modheolaíocht a úsáideadh, agus de bharr a seasmhachta, tá sé oiriúnach don anailís fhadaimseartha. Dá n-úsáidí cuir chuige breise, cibé suirbhéanna eile nó anailís deisce, d'éireodh modheolaíocht taighde níos láidre as, a bheadh níos bailí agus níos iontaofa.

**17.15** D'ardaigh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a tháinig i bhfórsa i mBealtaine 2018, ceisteanna arbh fhiú do na Coimisinéirí loncaim féachaint orthu maidir leis an mbealach a ndéantar na suirbhéanna a choimisiúnaíonn siad sa todhchaí. Leagtar amach sa Rialachán nach foláir na cuspóirí dá ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil a thabhairt d'ábhar na sonraí tráth a mbailithe.<sup>1</sup> I suirbhéanna a rinneadh cheana, níor cuireadh in iúl do fhreagróirí cuspóir beacht na suirbhéanna tobac.


**17.16** I bhFíor 17.3 léirítear torthaí shuirbhéanna na gCoimisinéirí loncaim maidir le margaí toitíní aindleathacha agus tobac 'féin-rollta' in Éirinn.<sup>2</sup>

### ***Meastacháin eile ar sciar den mhargadh an tobac aindleathaigh***

1 Is tuairisc é Project Sun ó KPMG a choimisiúnaigh an Royal United Services Institute for Defence and Security Studies (RUSI) bunaithe ar shuirbhé pacáiste fholaimh. Bailíodh 20,000 paca folamh in Éirinn in 2016 i 22 baile agus cathair. Roimh 2016, choimisiúnaigh British American Tobacco plc, Imperial Tobacco Limited, JT International SA agus Philip Morris International Management SA, Project Sun.

- 17.17** Tá meastacháin foilsithe eile ar mhéid an mhargaidh aindleathaigh tobac in Éirinn. Is é an ceann is cuimsithí díobh ná Project Sun, ar suirbhé é a rinne KPMG i mBallstáit AE, san Iorua agus san Eilvéis, ina ndéantar meastachán ar scála agus forbairt an mhargaidh aindleathaigh toitíní. Úsáideann an staidéar suirbhé ‘paca fholaimh’ chun an sciar de phacaí baile (dleacht íoctha), neamhbhaile (gan dleacht íoctha) agus góchumtha agus contrabhannacha i ngach ceann de na margaí a mheas.<sup>1</sup>
- 17.18** Thuairiscigh Project Sun go raibh an tríú ráta toitíní góchumtha agus contrabhannacha is airde san AE in 2016 ag 17.5%. Bhí 7% de na pacáí neamhdhleathacha a aimsíodh contrabhannach. Ba é réamh-mheastachán foilsithe na gCoimisinéirí loncaim don bhliain 2016 go raibh 10% de na pacáistí toitíní a thug caiteoirí an tsuirbhé dóibh neamhdhleathach, ach nár nótáladh aon phacaí contrabhannacha.

**Fíor 17.3 Suirbhé toitíní, 2011 go 2017 agus suirbhéanna ar thobac ‘féin-rollta’, 2013 go 2017**



Foinse: Suirbhéanna taighde ar tháirgí neamhdhleathacha tobac, 2011 go 2017, arna ndéanamh ag Ipsos MRBI thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus na hOifige Náisiúnta um Rialú Tobac

Nótaí: a Tugtar 'earraí bána saora' go minic ar bhrandaí a cheannaítear lasmuigh den AE agus a thugtar isteach san AE lena ndíol.

b In 2015 agus 2012, fuarthas go raibh níos lú ná 1% de thoitíní a aimsíodh góchumtha (san áireamh i gcatagóir chontrabhanna thuas). In 2011, fuarthas go raibh 1% góchumtha.

c Tuairiscítear san suirbhéanna a dhéantar gach bliain an sciar den mhargadh atá ag táirgí dleathacha nár íocadh dleacht orthu in Éirinn. In 2016, bhí 8% de phacaí toitíní agus 3% de phacaí tobac 'féin-rollta' a bhí i lámha caiteoirí dleathach is gan dleacht íoctha orthu in Éirinn.

**17.20** Tugann an Irish Tobacco Manufacturers' Advisory Committee (ITMAC) meastacháin bliantúil ar mhéid an mhargaidh aindleathaigh tobac in Éirinn. Don bhliain 2016, tuairiscíonn ITMAC tobac nár íocadh dleacht in Éirinn ar 18% de thoitíní agus 22% de thobac 'féin-rollta'.

## Straitéis bunaithe ar an anailís is fearr ar nádúr na calaoise.

- 17.21** Fadhb dhomhanda is an trádáil aindleathach tobac agus is réimse tábhachtach ioncaim í don choireacht eagraithe idirnáisiúnta.<sup>1</sup> Tá feasacht ar threochtaí idirnáisiúnta cabhrach chun treo straitéiseach a bhunú. Tá an plean gníomhaíochta don tobac ag na Coimisinéirí loncaim, ar dréachtphean faoi láthair é, dírithe ar chomhoibriú idirnáisiúnta níos mó, comhroinnt faisnéise san áireamh.
- 17.22** Thuairiscigh an tAE in 2017 gur tháinig laghdú ar mheánmhéid na n-urghabhálacha aonair le blianta beaga anuas agus méadú ag teacht ar mhinicíocht na méideanna beaga atá á smugláil. Níl contrabhanna ó dhéantóirí tobac idirnáisiúnta chomh mór is a bhí agus formhór mór na n-urghabhálacha mórsála b'earraí bána saora agus contrabhanna iad. Thuairiscigh an tAE freisin méadú ar líon na monarchan tobac aindleathaigh a aimsíodh.<sup>1</sup>
- 17.23** Go dtí le déanaí, ba earraí bána saora iad tromlach na dtoitíní a gabhadh in Éirinn. I Márta 2018, tharla rud suntasach, fuarthas monarcha thoitíní a bhí ag táirgeadh toitíní góchumtha i gContae Lú. Ba é seo an chéad mhonarcha dá leithéid a aimsíodh sa Stát (feic an staidéar cáis thíos).

### Fíor 17.4 Staidéar Cáis — Aimsiú monarchan toitíní góchumtha i gContae Lú

I Márta 2018, de thoradh ar oibríocht faoi stiúir na gCoimisinéirí loncaim aimsíodh monarcha thoitíní a bhí ag táirgeadh toitíní góchumtha i mBaile Sheinicín i gContae Lú. Toradh ar obair Thascfhórsa Comhghníomhaireachta ab ea an t-oibriúchán seo (féach larscríbhinn 17A).

Ghabh oifigigh na gCoimisinéirí loncaim 23.5 milliún toitín góchumtha. Bhí branda bréagach ar na toitíní seo agus iad ullamh lena ndáileadh. Anuas ar an méid sin, gabhadh 71 tonna tobac, a bhféadfaí 71 milliún toitín eile a tháirgeadh leis. Gabhadh táirgí bainteacha eile freisin amhail boscaí toitíní, páipéar, scagairí agus innealra.

Bheadh an t-innealra a gabhadh in ann 250,000 toitín aindleathach a tháirgeadh in aon uair an chloig. Bhí innealra atá riachtanach don réamhphróiseáil, próiseáil agus pacáistiú ann freisin chomh maith le ceathrúna maireachtála d'oibrithe. Níl aon fhianaise gur gabhadh toitíní a táirgeadh sa mhonarcha seo cheana sa RA.

Chuir na Coimisinéirí loncaim luach €47.8 milliún ar an tobac a gabhadh agus caillteanas féideartha €37.5 milliún don Státchiste. Gabhadh aon duine dhéag ar an láthair agus chúisigh an Garda Síochána iad. Tá fiosrúcháin ar siúl go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Go dtí seo, ciontaíodh duine amháin de thoradh ar aimsiú na monarcha toitíní.

<sup>1</sup> Tuairisc ón gCoimisiún go dtí an Chomhairle agus go Parlaimint na hEorpa: *Tuairisc ar dhul chun cinn le cur i bhfeidhm chumarsáid an Choimisiúin: Cur leis an gcomhrac in aghaidh smugláil tobac agus foirmeacha eile trádála aindleathaí i dtáirgí tobac - straitéis chuimsitheach AE (an 12 Bealtaine 2017).*



- 17.24** D'fhoilsigh na Coimisinéirí loncaim a gcéad straitéis saorsheasaimh chun dul i ngleic leis an trádáil aindleathach tobac don tréimhse 2011 go 2013. Níor táirgeadh straitéis saorsheasaimh leantach. Measann na Coimisinéirí loncaim gurb é an cur chuige ó 2014 i leith ná an fócas ar thobac a chomhtháthú le fócas níos leithne ar gach cineál trádála neamhdhleathaí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha faoi scáth a chomhrac. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil ina ráiteas corparáideach straitéise fócas agus tiomantas maidir le dul i ngleic le gníomhaíochtaí aindleathacha lena n-áirítear smugláil tobac agus é ráite gur tugadh tús áite do na tiomantais gach bliain i bpleananna gnó na rannóg. Tá na Coimisinéirí loncaim faoi láthair ag cur bailchríche ar phlean gnímh náisiúnta don tobac agus deir siad gur dearadh é chun comhordú ghníomhartha na gCoimisinéirí loncaim a uasmhéadú agus an tionchar is fearr a sheachadadh dá n-iarrachtaí.

## Freagra oibríochtúil

### Comhthéacs idirnáisiúnta

- 17.25** Aithníonn na Coimisinéirí loncaim nádúr domhanda na trádála aindleathaí tobac agus is dá bharr sin a úsáideann siad foinsí agus saineolas idirnáisiúnta atá ríthábhachtach chun dul i ngleic le smugláil tobac. Comhoibríonn na Coimisinéirí loncaim freisin le húdaráis thar lear chun dul i ngleic le smugláil tobac.
- 17.26** In Iarscríbhinn 17A tá cuntas ar an gcaidreamh tábhachtach atá ag na Coimisinéirí loncaim leis an bpobal Eorpach agus idirnáisiúnta i réimse na dtáirgí aindleathacha tobac. I bhFíor 17.5 léirítear go mion cás ina raibh comhoibriú idirnáisiúnta.

### Fíor 17.5 Staidéar Cáis — Comhoibriú idirnáisiúnta

I mí Dheireadh Fómhair 2014, fuair na Coimisinéirí loncaim faisnéis ón nGníomhaireacht Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le hiarracht 9.8 milliún toitíní aindleathacha a smugláil as Poblacht Iar-Lúgslavach na Macadóine go hÉirinn tríd an tSlóivéin. Tar éis an fhaisnéis seo a fháil rinne údaráis chustaim na Slóivéine cigireacht ar an lastas nuair a shroich sé calafort Koper sa tSlóivéin. Ní raibh stampa máil ar na toitíní agus ós rud é gur 'port saor ó dhleacht' é Koper, d'fhan an lasta ansin.

Ón doiciméadacht a ghabh leis an lasta aithníodh go raibh an coinsíní bunaithe i gContae Chill Mhantáin agus go raibh an coinsíneoir bunaithe sa Mhacadóin. Thaispeáin an doiciméadacht ó OLAF gur tharla aistrithe bainc ón gcuideachta bunaithe i gContae Chill Mhantáin go dtí an chuideachta bunaithe sa Mhacadóin.

Rinne na Coimisinéirí loncaim, ar iarratas ó OLAF, fiosrúcháin agus sheol na Coimisinéirí loncaim tuairisc ar na torthaí go dtí OLAF. Nocht an fiosrúchán freisin íocaíochtaí le daoine a cheaptar go baint aige le coir eile. Tá an fhaisnéis sin tugtha



### Scanadh coinsíneachtaí

**17.27** Cuid lárnach de fhreagairt oibríochtúil na gCoimisinéirí loncaim chun gníomhú in aghaidh smugláil tobac is ea coinsíneachtaí amhrasacha a aithint le próifíliú riosca, bailiú faisnéise, comhroinnt faisnéise idirnáisiúnta, foirne madraí braite, agus teicneolaíocht scanta x-ghathaithe. Cé gur féidir gluaiseacht an lastais coimeádáin a úsáid chun smugláil agus trádáil aindleathach a éascú, braitheann gnó dlisteanach agus tionscal lasta go mór ar a ghabháil éifeachtúil. Mar sin ní mór do na Coimisinéirí loncaim coinsíneachtaí a scanadh go cúramach ionas nach gcuirtear moill gan ábhar ar lasta dlisteanach gabháil trí chalafoirt agus acmhainní scanacháin teoranta a dhíriú sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo.


**17.28** Bhí sé i gceist ag na Coimisinéirí loncaim staidéar a dhéanamh in 2011 chun rátaí braite a baineadh amach a chur i gcomparáid le rátaí braite a baineadh amach i dtíortha eile.<sup>1</sup> Lorgaíodh torthaí an staidéir seo ó na Coimisinéirí loncaim mar chuid den scrúdú seo. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go ndearna siad teagmháil lena gcontrapháirtithe i roinnt dlínsí eile ach nach raibh faisnéis inchomparáide ar fáil le go ndéanfaí comparáid mhion. Cé gur sholáthair na Coimisinéirí loncaim don fhoireann scrúdaithe líon iomlán na scanachán a rinne gach ceann de na trí phríomh-scanóir i seilbh na gCoimisinéirí, baineann na sonraí seo lena ngníomhaíochtaí uile agus ní tobac amháin. Ní raibh na rátaí braite ar fáil.

### Urghabhálacha tobac

**17.29** Is torthaí fíorthábhachtacha iad urghabhálacha toitíní agus tobac ar chlár gníomhartha forghníomhaithe na gCoimisinéirí loncaim a bhaineann le smugláil tobac. In 2017, gabhadh toitíní agus táirgí tobac ar luadh luach €20 milliún leo. B'ionann seo agus cailteanas féideartha don Státchiste de €16 milliún de chánacha agus dleachtanna. I bhFíor 17.6 leagtar amach líon iomlán agus luach miondíola réamh-mheasta na n-urghabhálacha i gcaitheamh na tréimhse 2012 go 2017.

**Fíor 17.6 Urghabhálacha tobac<sup>a</sup>**

**Thit idir líon agus luach na n-urghabhálacha idir 2012 agus 2017....**



Foinse: Na Coimisinéirí loncaim

Nóta: a Tagraíonn líon na n-urghabhálacha don líon oibriúchán ina ndearnadh urghabhálacha agus ní don méid den táirge a gabhadh.

**17.30** In 2017, ba é €229 milliún an caillteanas náisiúnta réamh-mheasta de thoradh ar an margadh toitíní aindleathacha. Sa tréimhse chéanna, ba thart ar €15.5 milliún an caillteanas féideartha a aithníodh don Státchiste de thoradh ar urghabhálacha. Tugann sé seo le fios go raibh ráta braite thart ar 7% ag na Coimisinéirí loncaim.

**17.31** Nótálann na Coimisinéirí loncaim go ndéantar talamh slán de leis an modh seo chun teacht ar ráta braite gur do mhargadh na hÉireann amháin é an táirge a gabhadh agus nach gcuirtear san áireamh táirgí a gabhadh i dtíortha eile a d'fhéadfadh a bheith ar a slí go hÉirinn.

### ***Urghabhálacha eile a bhain le smugláil tobac***

**17.32** Tá sé de chumhacht ag na Coimisinéirí loncaim airgead a ghabháil a bhfuiltear den bharúil gur as gníomhaíocht choiriúil a tháinig nó sé go bhfuil sé ceaptha le húsáid in iompar coiriúil. Is féidir freisin feithiclí a ghabháil i gcás gur úsáideadh iad chun táirgí aindleathacha a iompar. Sa tréimhse 2013 go Márta 2018, ghabh na Coimisinéirí loncaim €556,243 san iomlán i 34 chás.<sup>1</sup> Anuas air sin gabhadh 265 feithicil agus ceithre long idir 2013 agus 2017.

**17.33** I bhFíor 17.7 leagtar amach na himthosca thart ar long a ghabh na Coimisinéirí loncaim in 2014 de bhun urghabháil 32 milliún toitín neamhdhleathach. Tá an long fós i seilbh na gCoimisinéirí.

1 D'fhéadfadh urghabhálacha eile a bhaineann le tobac aindleathach a bheith ann ach nach raibh dóthain fianaise ann le go bhféadfadh na Coimisinéirí loncaim cinneadh a dhéanamh faoin gcineál gníomhaíochta coiriúla a bhain leis an urghabháil.

### Fíor 17.7 Staidéar Cáis — The MV Shingle

I mí an Mheithimh 2014, stop oifigigh chustaim agus Gardaí faoi airm lastas de bhreis is 32 milliún toitín agus 4,000 cileagram de thobac píobáin uisce bPort Dhroichead Átha i gContae Lú. Thaisteal an long ón tSlóivéin, via an Phortaingéil sular shroich sí Droichead Átha. Lean oibriúchán na gCoimisinéirí na míonna d'obair, lena n-áirítear bailiú faisnéise idirnáisiúnta thar roinnt dlínsí. B'ionann seo agus cailteanas féideartha don Státhiste de bheagnach €13 milliún.

D'aistrigh na Coimisinéirí loncaim an long go Port Bhaile Átha Cliath an lá arna mhárach, in éineacht leis an lastas toitíní agus tobac.

#### An MV Shingle – Port Bhaile Átha Cliath, Bealtaine 2018



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ní fhéadfadh na Coimisinéirí loncaim fáil réidh leis an MV Shingle go dtí gur tugadh chun críche na himeachtaí dlí a bhain leis an urghabháil. Tugadh na himeachtaí chun críche i mí Bhealtaine 2017, lena n-áirítear an t-am a ceadáíodh don phróiseas achomhairc, agus d'ordaigh an Ard-Chúirt forghéilleadh na loinge don Stát.

Ar dtús d'fhéach na Coimisinéirí ar phleananna an long a dhíol ach tar éis suirbhéireachtaí ar an mbail a bhí uirthi agus aiseist a bheith i láthair, cinneadh gur cheart í a chur go dtí speisialtóir athchúrsála lena diúscairt. Thuairiscigh suirbhéir muirí a d'fhostaigh na Coimisinéirí i mí an Mhárta 2015 nach bhféadfaí féachaint ar an ártach ach mar dhliteanas toisc an bhail uirthi agus an áit ina raibh sí agus mura ndéanfaí socruithe laistigh de thréimhse réasúnta ama chun déileáil léi, go bhféadfadh costais bhreise mhóra a éirí as.

Go dtí deireadh 2018, thabhaigh na Coimisinéirí loncaim costais thart ar €410,000 ag éirí as an ártach a bheith ina seilbh, tromlach na gcostas ba tháillí coimeádta iad a ghearr Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath. De réir réamh-mheastacháin an tsuirbhéara a d'fhostaigh na Coimisinéirí ghabhadh costais mhóra lena hathchúrsáil i bhfianaise na gcostas a thabhaigh na Coimisinéirí cheana.

### Ionchúisimh


**17.34** Measann na Coimisinéirí Ioncaim gur táscaire tábhachtach ar fheidhmíocht é líon na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh a bhain le tobac. Is pionós agus díspreagadh feiceálach araon iad ionchúisimh. Tá dhá chineál ciona ann — achomair agus indíotáilte.

- Pléitear le cionta achoimre sa Chúirt Dúiche gan ghiúiré. Ba é €215,000 meánluach na bhfíneálacha a gearradh sa tréimhse. Ba é sé mhí an phianbhreith choimeádta ab fhaide a gearradh.
- Ní mór cionta indíotáilte a thriail os comhair breithimh agus giúiré. Ba é €3,200 meánluach na bhfíneálacha a gearradh sa tréimhse. Ba é trí bliana an phianbhreith choimeádta ab fhaide a gearradh sa tréimhse leis an 18 mí dheireanacha ar fionraí.

**17.35** Tá torthaí ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cionta tobac don tréimhse 2013 go 2017 leagtha amach i bhFíor 17.8.

#### Fíor 17.8 Cionta achoimre agus indíotáilte

*Tionscnaíodh níos lú cionta achoimre in 2017, ach bhí ráta ionchúisimh níos airde ná i mblianta roimhe sin agus tionscnaíodh níos mó ionchúisimh indíotáilte in 2017 ach bhí ráta níos ísle ciontaithe ná i mblianta roimhe seo....*



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

### Feidhmíocht a thomhas

- 17.36** Féachann na Coimisinéirí Ioncaim ar an líon ciontuithe a ghnóthaítear do chionta a bhaineann le tobac mar táscaire feidhmíochta tábhachtach. Táscairí feidhmíochta eile a úsáidtear is ea an méid táirgí a ghabhtar agus forleithne táirgí aindleathacha ar an margadh. Úsáidtear taighde neamhspleách i measc caiteoirí tobac a choimisiúnaíonn na Coimisinéirí chun forleithne táirgí tobac aindleathaigh a thomhas bliain ar bhliain. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí go ndéanann Bord agus bainistíocht shinsearach na gCoimisinéirí ioncaim monatóireacht ar na tomhais feidhmíochta seo.
- 17.37** Cé gur tomhas ar rath iad an méid urghabhálacha, féadann an éascaíocht braite luainiú le hathruithe sa mhargadh aindleathach. D'fhéadfadh titim ar an méid urghabhálacha a thabhairt le fios go raibh laghdú ar tháirgí aindleathacha ar an margadh d'fhéadfadh sé freisin a thabhairt le fios go raibh laghdú ar na hacmhainní a chuir comhlachtaí na gCoimisinéirí i bhfeidhm chun críche braite. Tá sé amhlaidh freisin maidir leis an líon ciontuithe a bhféadfadh fachtóirí eile a bheith i gceist leo nach bhfuil faoi smacht na gCoimisinéirí.
- 17.38** Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim réamh-mheastachán ar an gcaillteanas ioncaim a choisctear le cur isteach ar bhuíonta coirpeach sa trádáil ar thobac aindleathach. Is é cleachtas na gCoimisinéirí, nuair a ghabhtar méideanna móra táirgí tobac, ná réamh-mheastachán ar an gcaillteanas féideartha don Státchiste a ghabh leis an urghabháil sin a sholáthar. Níl aon mheicníocht fhoirmiúil acu chun cuntas a thabhairt ar urghabhálacha a dhéantar thar lear le cúnamh uathu.

### *Spriocanna*

- 17.39** Leagann gach ceann de réigiúin na gCoimisinéirí síos spriocanna sonracha le haghaidh urghabhálacha, tarchuir le haghaidh ionchúisimh agus fiosrúchán a ghéarú mar chuid dá phróiseas pleanála gnó gach bliain. Ní fhoilsítear na spriocanna seo.
- 17.40** Do 2017, sháraigh ceithre cinn de réigiún na gCoimisinéirí a spriocanna a bhain le tobac. Níor bhain aon cheann de na réigiúin a spriocanna ar fad amach áfach. Níor leag ceann amháin de na ceithre réigiún síos aon spriocanna le haghaidh urghabhálacha ná fiosrúchán. Tugtar sonraí ardleibhéil a bhaineann le tobac i dtuairisc feidhmíochta a dhéanann an Bord a athbhreithniú gach mí. Ní áirítear feidhmíocht i leith spriocanna sa tuairisc feidhmíochta.

### *Acmhainní a leithdháiltear chun dul i ngleic le smugláil tobac*

- 17.41** Ina straitéis 2011 go 2013, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go dtomhaisfidís costas chomh maith le héifeachtacht na n-acmhainní a leithdháiltear chun cur in aghaidh na bagartha ón smugláil tobac, agus é mar chuspóir imlonnú optamach agus éifeachtacht uasta a chinntiú. Tá sé ráite anois ag na Coimisinéirí nach bhfuil sé indéanta, mar riarachán cánach agus custaim lán-chomhtháite, na hacmhainní a imlonnaítear ag aon am ar leith ar ghníomhú in aghaidh smugláil tobac a imdhealú agus nach ndearnadh mar sin an costas a leithlisiú. Deir na Coimisinéirí go nglacann siad cur chuige bainistithe cáis iomláin. Go dtí seo, níl áireamh déanta ag na Coimisinéirí ar chostas a gcuid oibriúchán chun dul i ngleic leis an margadh aindleathach tobac.

## Conclúidí agus moltaí

### *Meastachán na gCoimisinéirí ar sciar den mhargadh táirgí aindleathacha tobac*

- 17.42** Tá fiúntas i modheolaíocht na suirbhéanna ar thobac aindleathach atá i bhfeidhm. Baineann spleáchas na gCoimisinéirí ar mhodh aonair bliantúil an bonn de théagar foriomlán an leibhéil mheasta de thobac aindleathach i margadh na hÉireann. Chuirfeadh sé le trédhearcacht dá bhfoilseofaí an mhodheolaíocht.

#### Moladh 17.1

Ba cheart do na Coimisinéirí machnamh a dhéanamh ar a modheolaíocht suirbhéanna a fhoilsiú.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe.

Déanfaidh na Coimisinéirí loncaim socruithe mionsonraí na modheolaíochta suirbhéanna a fhoilsiú nuair a bheidh torthaí suirbhé á fhoilsiú amach anseo.

### *Díriú straitéiseach ar oibríochtaí*

- 17.43** Tugann meastachán na gCoimisinéirí ar an méid toitíní agus tobac aindleathaigh leid maidir le treochtaí éilimh. Tá sé seo úsáideach chun cuspóirí sonracha a leagan síos d'fhonn leibhéal seachanta dleachta tobac a laghdú. Chabhródh straitéis saorsheasaimh ardleibhéil a bheadh nasctha le gníomhartha oibríochtúla leis na Coimisinéirí a ngníomhaíochtaí a chomhordú go héifeachtach ionas go dtabharfaí cinnteacht go ndéantar acmhainní ganna a dhíriú mar is ceart.
- 17.44** Faoi láthair, níl aon straitéis saorsheasaimh dá leithéid i bhfeidhm. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil a straitéis chun gníomhú in aghaidh smugláil tobac corpraithe ina ráiteas corparáideach ar straitéis. Is léir áfach ó athbhreithniú ar an ráiteas straitéise nach gcuirtear in iúl go soiléir fócas sonrach ar thobac amháin. Ó tháinig deireadh leis an straitéis saorsheasaimh deiridh ag deireadh 2013, tá treocht mhéadaithe idirnáisiúnta i dtreo toitíní góchumtha agus monarchana tobac aindleathaigh a aimsiú.

#### Moladh 17.2

Ba cheart do na Coimisinéirí straitéis saorsheasaimh fhoirmiúil a chur i bhfeidhm ina leagtar síos a gcuspóirí bainteach le plean oibríochtúil, agus ina mionsonraítear gníomhartha atá le déanamh. Ba cheart go léireodh an straitéis saorsheasaimh seo nádúr athraitheach na smuglála tobac. Ba cheart monatóireacht rialta a dhéanamh ar na cuspóirí agus na gníomhartha, iad a athbhreithniú agus an dul chun cinn leo a thuairisciú do bhainistíocht shinsearach na gCoimisinéirí.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Páirt-aontaithe.

Tá fócas na gCoimisinéirí ar gach cineál trádála neamhdhleathaí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha faoi scáth a chomhrac. Is é taithí na gCoimisinéirí nach ndéanann siadsan atá páirteach sa trádáil tobac aindleathaigh iad féin a theorannú don raon gníomhaíochta áirithe sin. Bheadh fócas comhtháite ag na Coimisinéirí ar gach cineál trádála níos oiriúnaí. I gcomhthéacs ár gcur chuig chomhtháite áfach, tabharfaimid ár bplean gnímh náisiúnta don tobac chun críche.

### **Scanadh coinsíneachtaí**

- 17.45** Tá bearnaí san fhaisnéis bhainistíochta atá ar fáil do na Coimisinéirí loncaim. Ní dhéantar taifead inti ar an líon scanachán in aghaidh na bliana a bhaineann le tobac agus ní dhéantar an ráta braite in aghaidh an scanacháin a ríomh.

#### **Moladh 17.3**

D'fhonn feidhmíocht a scanóirí agus próiseas roghnúcháin coinsíneachtaí a mheasúnú, ba cheart do na Coimisinéirí scanacháin a dhéantar a thaifeadadh de réir chineál an táirge aindleathaigh a braitheadh nó a rabhthas in amhras faoi. Ba cheart do na Coimisinéirí anailís a dhéanamh freisin a thabharfadh na rátaí braite. D'fheidhmeodh sé sin mar thomhas feidhmíochta úsáideach a bheadh ar fáil láithreach.

#### **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Bailíonn na Coimisinéirí loncaim sonraí ar an líon iomlán scanachán a rinneadh. Tá córas taifeadta brathadóireachta póilótach i bhfeidhm áfach i bPort Bhaile Átha Cliath a d'fhéadfadh nasc a thabhairt idir urghabháil aon earra agus an raon tairbhí a imlonnaíodh chun an urghabháil a chur i gcrích. Déanfar acmhainneacht an chórais phíolótaigh seo mar bhealach chun faisnéis a bhaineann le scanóirí, atá sonrach don earra, a mheas.

### **An MV Shingle**

- 17.46** D'éirigh costais thart ar €410,000 go dtí seo as urghabháil na loinge seo. Tá costais fós á dtabhú cé go raibh na Coimisinéirí in ann fáil réidh leis an ártach ó mhí Iúil 2017.

#### **Moladh 17.4**

Ba cheart do na Coimisinéirí loncaim a chinntiú go ndéantar cinntí a bhfuil impleachtaí móra ó thaobh costais de go tapa agus go gcuirtear i ngníomh iad gan mhoill.

Áis thábhachtach chun cabhrú leis an gcinnteoireacht is ea anailís fhoirmiúil ar na costais agus na sochair a bhaineann le cineálacha éagsúla cur chuige féideartha. Ba cheart do na Coimisinéirí loncaim a chinntiú go ngabhann an cineál seo anailíse cuimsithí le cinntí maidir le diúscairt a bhaineann le hearraí móra trealaimh. Ba cheart taifead a dhéanamh ar gach rogha ar a bhféachadh agus an réasúnaíocht a ghabh leis a thaifeadadh chun tacú leis an gcinneadh deireanach a rinneadh.

#### **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Ghabh fadhbanna móra le diúscairt an MV Shingle agus dúshlán ní ba mhó ná mar is gnáth le hearraí a ghabhtar. Leanann na Coimisinéirí áfach d'iarracht dhaingean a dhéanamh an long seo a dhiúscairt ar an mbealach is cost-éifeachtúla, tá taifead déanta acu ar an bpróiseas go dtí agus déanfaidh taifead iomlán ar an gcinneadh deireanach. Leanfaimid de dheimhin a dhéanamh de go ndéantar an anailís chuí i ngach cás inar ghá earraí móra a dhiúscairt.



### ***Feidhmíocht a thomhas***

- 17.44** Meastar ráta braite toitíní neamhdhleathacha a bheith ag thart ar 7% do 2017. Tá sé seo bunaithe ar an gcaillteanas náisiúnta ioncaim measta de thoradh ar an margadh toitíní aindleathacha, a fhoilsítear mar chuid den suirbhé taighde ar tháirgí tobac a choimisiúnaigh na Coimisinéirí Ioncaim agus an Oifig Náisiúnta um Rialú Tobac agus an caillteanas féideartha don Státchiste a d'éireodh as na toitíní a ghabh na Coimisinéirí.
- 17.45** Ní féidir rath na gCoimisinéirí maidir leis an méid táirgí tobac aindleathaigh sa mhargadh Éireannach a laghdú a thomhas go cuimsitheach ach trí mheastachán a dhéanamh ar an leibhéal seachanta thar thréimhse ama, anailís a dhéanamh ar nádúr na seachanta agus gníomhartha a dhíríú dá réir. Nuair a leagtar síos spriocanna d'urghabhálacha agus d'ionchúisimh, ba cheart monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú.
- 17.46** Tá impleachtaí feidhmíochta ag urghabhálacha a tharlaíonn thar lear le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim agus i gcásanna áirithe bíonn acmhainní suntasacha de chuid na gCoimisinéirí bainteach leo. Níl aon mheicníocht fhoirmiúil ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair chun cuntas a thabhairt ar urghabhálacha a dhéantar thar lear le cúnamh uathu.

### **Moladh 17.5**

Ba cheart do na Coimisinéirí féachaint ar phraiticiúlacht agus úsáideacht meicníochtaí a thabhairt isteach chun tomhas a dhéanamh ar na cásanna inar chuir a bhfaisnéis nó a gcúnamh le hurghabhálacha thar lear.

### **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Faigheann na Coimisinéirí cheana féin aiseolas nó faisnéis i gcásanna áirithe ina gcuireann faisnéis nó cúnamh a thug siad do bhallstáit eile AE, tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta le hurghabhálacha táirgí tobac aindleathaigh. Déanfaimid machnamh ar indéantacht agus ar áisiúlacht meicníochtaí a thabhairt isteach mar atá molta. Chaithfí a áireamh sa mheasúnú foriomlán ar luach an tomhais go mbraithfeadh a chur le chéile go mór ar ionchur agus ar chomhoibriú ónár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

## larscríbhinn 17A

### Fíor 17A.1 Caidreamh Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí — tobac aindleathach

#### Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL)

Tá deich réimse tosaíochta ag EUROPAL. Tá calaois mháil ar cheann de na trí réimse tosaíochta a dtoilíonn Éire a bheith páirteach inti. Bítear ag súil go gcuireann Ballstáit leis ach ceannaireacht nó comhcheannaireacht a thabhairt ar roinnt gníomhphointí oibríochtúla faoi gach réimse tosaíochta. Tá gealltanas tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim páirt a ghlacadh in dhá phlean gnímh oibríochtúla i réimse an tobac. Le linn na tréimhse 2013 go 2017, bhí an plean gnímh dírithe ar gluaiseacht 'mol go mol' táirgí tobac. De thoradh ar lá gnímh sonrach in 2017, gabhadh 1.6 milliún toitín aindleathach ó thrádstóras i mBaile Átha Cliath.

#### An Mheitheal um Chomhar Custaim

Tá an Mheitheal freagrach as comhoibriú custaim idir na ballstáit a chomhordú agus as comhoibriú idir údaráis chustaim agus idir údaráis chustaim agus póilíní a fheabhsú go leanúnach. Glacann an grúpa pleananna gnímh, tionscadail agus tograí le haghaidh Comhoibriúcháí Custaim. Don tréimhse 2016/17 ghlac na Coimisinéirí Ioncaim páirt i gcúig ghníomhphointe.

#### Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC)

Is ball iomlán den EDC í Éire ó bunaíodh í i 1952. Is é príomhpháirt na gCoimisinéirí leis an EDC ná urghabhálacha tobac a thuairisciú agus páirt a ghlacadh in oibríochtaí a chomhordaíonn an EDC. Go luath in 2018, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim páirt in oibríocht. Bhí an oibríocht sin dírithe ar lastais de tháirgí tobac aindleathaigh a tháinig nó a traseoladh ó Limistéir Shaortrádála. Mar chuid den oibríocht, ghabh na Coimisinéirí 2 mhilliún toitín.

#### Tascfhórsa Comhghníomhaireachta (JATF)

Bunaíodh an Tascfhórsa faoi Chomhaontú Bhéal Feirste agus faoin gComhaontú um Thús Nua agus tá sé comhdhéanta den Gharda Síochána, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, HMRC, PSNI, an UK National Crime Agency, agus an UK Border Agency (Tuaisceart Éireann). Tuairiscíonn an Tascfhórsa a ghníomhaíochtaí do na trí rialtas i Londain, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath.

#### Grúpa um Chalaois Dleachta Trasteorann

Tá ionadaíocht ag na Coimisinéirí ar an nGrúpa um Chalaois Dleachta Trasteorann atá déanta suas de na gníomhaireachtaí ábhartha ar an dá thaobh den teorainn. Tagann an grúpa le chéile dhá uair sa bhliain chun oibríochtaí trasteorann le dul i ngleic leis an trádáil aindleathach tobac a phlé, a phleanáil agus a chur i ngníomh. Is cuid de chúram an ghrúpa freisin iad alcól aindleathach agus sciúradh breosla.

#### Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Sláinte Domhanda maidir le Rialú Tobac

Rinne Éire Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Sláinte Domhanda maidir le Rialú Tobac a dhaingniú i dtreo dheireadh 2005. Glacadh an Prótacal ar mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a Dhíothú i mí na Samhna 2012 agus shínigh Éire é in 2013. Cuireann an Prótacal ceangal ar na páirtithe bearta a ghlacadh chun slabhra an tsoláthair tobac a rialú go héifeachtach agus comhoibriú go hidirnáisiúnta ar raon leathan cúraimí amhail faisnéis a roinnt agus eiseachadh. Faoi láthair déanann na Coimisinéirí Ioncaim idirchaidreamh leis an Roinn Sláinte, atá i gceannas ar an bplé maidir le hiarmhairtí an Phrótacail ó thaobh na hÉireann de.

#### An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)

Is é ról OLAF leasa airgeadais an AE a chosaint. Tá ról suntasach ag OLAF sa chomhrac in aghaidh smugláil tobac toisc méid na gcaillteanas airgid a éiríonn aisti. Cabhraíonn agus tacaíonn OLAF le húdaráis forfheidhmithe dlí san AE (Éire san áireamh) le cásanna oibríochtúla, fiosrúcháin mhóra a chomhordú idir ballstáit agus tríú tíortha, agus tugann cúnamh agus tacaíocht do chomhoibriúcháí custaim idirnáisiúnta. Anuas air sin, déanann OLAF caibidlíocht le tríú tíortha thar ceann ballstát maidir le smugláil tobac ó thríú tíortha isteach san AE.